

2 Comhairle Chomhairleach Bhuiséadach na hÉireann

- 2.1** Bunaíodh Comhairle Chomhairleach Bhuiséadach na hÉireann (an Chomhairle Chomhairleach Bhuiséadach) faoin Acht um Fhreagracht Bhuiséadach, 2012 (an tAcht), chun measúnuithe neamhspleácha ar phleananna buiséadacha agus réamh-mheastacháin bhuiséadacha an Rialtais a chur ar fáil agus chun eolas a thabhairt don díospóireacht phoiblí ar chúrsaí eacnamaíocha agus físcacha.

Cuntais Chomhairle Chomhairleach Bhuiséadach na hÉireann

- 2.2** Faoin Acht, ceanglaítear ar an gComhairle Chomhairleach Bhuiséadach cuntais a choimeád ar fháltais agus ar chaiteachas san fhoirm atá ceadaithe ag an Aire Airgeadais agus iad a chur faoi bhráid an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste lena n-iniúchadh laistigh de thrí mhí tar éis dheireadh na tréimhse cuntasafóchta lena mbaineann siad.¹ Nuair a bheidh an t-iniúchadh críochnaithe, ní mór cóip de na cuntais agus den tuarascáil iniúcháireachta a thabhairt don Aire, agus ní mór don Aire ar a s(h)éal féin iad a thíolacadh do Thithe an Oireachtais.
- 2.3** Anuas air sin, ceanglaítear leis an Acht ar an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste tuarascáil a thabhairt do Dháil Éireann maidir le cruinneas na suimeanna a thabharfaidh an Chomhairle Chomhairleach Bhuiséadach chun cuntais gach bliain. Seo í an tuarascáil don bhliain 2025.
- 2.4** Rinneadh iniúchadh ar chuntais na Comhairle Comhairlí Buiséadaí don bhliain 2025, agus eisíodh an tuarascáil ar an iniúchadh an 28 Lúnasa 2026.
- 2.5** Is deimhin liom go dtugtar leis na cuntais léargas fíorcheart ar shócmhainní, ar dhliteanais agus ar staid airgeadais na Comhairle Comhairlí Buiséadaí ag deireadh 2025 agus ar a hioncam agus caiteachas don bhliain.

Torthaí airgeadais don bhliain 2025

- 2.6** B'ionann ioncam na Comhairle Comhairlí Buiséadaí don bhliain agus €967,000 (2024: €812,000).
- 2.7** Ba é caiteachas reatha na Comhairle Comhairlí Buiséadaí in 2025 ná €970,000 (2024: €807,000). Bhain 49% den chaiteachas le costais tuarastail in 2025. Bhain an ghné is mó de chaiteachas riaracháin neamhphá na Comhairle Comhairlí Buiséadaí le táille riaracháin is iníoctha leis an Institiúid um Thaighde Eacnamaíochta agus Sóisialta (ITES). B'ionann an táille i leith costais cóiríochta oifige agus seirbhísí tacaíochta eile in 2025 agus €119,000 san iomlán.
- 2.8** Tháinig méadú thart ar 20% ar chaiteachas na Comhairle Comhairlí Buiséadaí idir 2024 agus 2025 (féach Fíor 2.1), go príomha mar gheall ar na nithe seo a leanas:
- méadú ar chostais tuarastail mar thoradh ar fholúntas a líonadh, ar incrimintí a fóc agus ar mhéaduithe a chur i bhfeidhm faoi chomhaontú pá na seirbhíse poiblí (€63,000)

¹ Ullmhaíodh ráitis airgeadais na Comhairle Comhairlí Buiséadaí i gcomhréir le Caighdeán Tuairiscithe Airgeadais (FRS) 102.

- íocaíocht tosaigh leis an Eagraíocht um Chomhar agus Fhorbairt Eacnamaíochta (ECFE) i leith a hathbhreithnithe neamhspleách ar fheidhmeanna na Comhairle Comhairlí Buiséadaí (€50,000)²
- costas bliana iomláine an mhéadaithe chomhaontaithe ar an ráta táille do Chathaoirleach na Comhairle Comhairlí Buiséadaí (€43,000).³

Fíor 2.1 Caiteachas na Comhairle Comhairlí Buiséadaí, 2016 – 2025



Foinse: Ráitis airgeadais Chomhairle Chomhairleach Bhuiséadach na hÉireann, 2016 – 2025

2 Is é costas iomlán an athbhreithnithe don Chomhairle Chomhairleach Bhuiséadach ná €70,000.

3 In 2024, cheadaigh an tAire Caiteachais Phoiblí, Bonneagair, Athchóiriúcháin Seirbhíse Poiblí agus Digitiúcháin ráta nua táille per diem de €684 (ar feadh 96 lá ar a mhéad in aghaidh na bliana) do Chathaoirleach na Comhairle Comhairlí Buiséadaí. Tháinig an ráta nua i bhfeidhm nuair a ceapadh an Cathaoirleach reatha i mí Lúnasa 2024. Ba é €20,520 in aghaidh na bliana an táille a bhí ann roimhe sin don Chathaoirleach.

4 Cinntear ioncam agus caiteachas de réir choinbhinsiún na cuntasíochta fabhraithe, ach is ar bhonn airgid thirim a shocraítear an uasteorainn bhliantúil reachtúil ar mhaoiniú.

5 Leagtar síos i mír 9 den sceideal a ghabhann leis an Acht gurbh é €800,000 an bunleibhéal maoinithe don Chomhairle Chomhairleach Bhuiséadach nuair a bunaíodh í (an 31 Nollaig 2012). Cuireann an Roinn Airgeadais an tInnéacs Comhchuibhithe Praghsanna do Thomhaltóirí ón bPríomh-Oifig Staidrimh i bhfeidhm agus an uasteorainn ar mhaoiniú d'aon bhliain á cinneadh aici.

2.9

Uasteorainn ar mhaoiniú

Mar a fhoráiltear san Acht, déantar an Chomhairle Chomhairleach Bhuiséadach a mhaoiniú as Príomh-Chiste an Stáitchiste, faoi réir 'uasteorainn' airgid thirim bhliantúil atá innéacsaithe de réir boilscithe.⁴ Ba é €984,000 an uasteorainn airgeadbhunaithe ar mhaoiniú le haghaidh 2025 (2024: €971,000), agus tharraing an Chomhairle Chomhairleach Bhuiséadach cistí €881,000 (2024: €735,000) sa bhliain.⁵

2.10

Athbhreithniú seachtrach neamhspleách

I mí Dheireadh Fómhair 2025, i gcomhréir lena plean straitéiseach 2023–2025, choimisiúnaigh an Chomhairle Chomhairleach Bhuiséadach ECFE chun athbhreithniú seachtrach neamhspleách a dhéanamh ar a feidhmeanna. Is é raon feidhme athbhreithniú ECFE, atá ar siúl faoi láthair, breithniú a dhéanamh ar na nithe seo a leanas:

- an dul chun cinn maidir leis na moltaí ó athbhreithniú a rinne ECFE roimhe seo in 2021 a chur chun feidhme
- aon dúshlán nua atá roimh an gComhairle Chomhairleach Bhuiséadach
- coigeartuithe chun tacú le feabhsuithe ar fheidhmíocht na Comhairle Comhairlí Buiséadaí agus ar chomhlíonadh a sainchúraim
- gníomhartha a d'fhéadfadh an Chomhairle Chomhairleach Bhuiséadach agus páirtithe eile a dhéanamh chun a tionchar a neartú.